Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11513/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0429(COD)**

**VOTE 47**
**INF 209**
**PUBLIC 52**
**CODEC 1389**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Toradh na vótála<br>Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le maolú sealadach ar fhorálacha áirithe de Threoir 2002/58/CE a mhéid a bhaineann le húsáid teicneolaíochtaí ag soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir chun sonraí pearsanta agus sonraí eile a phróiseáil chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac<br>- Seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh agus an ráiteas faoi chúiseanna na Comhairle a ghlacadh<br>- Toradh an nós imeachta i scríbhinn a tugadh chun críche an 2 Iúil 2026 |

Tá toradh na vótála maidir leis an ngníomh reachtach thuasluaite in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an nóta seo.

Doiciméad tagartha:

11261/26+ADD1

dáta an chinnidh a rinne Coreper, (Cuid 2), an Nós Imeachta i Scríbhinn a úsáid, an 1 Iúil 2026

Na ráitis agus/nó na míniúcháin a tugadh maidir leis an vótáil, tá siad in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an nóta seo.

General Secretariat of the Council

| | |
|---|---|
| Institution: | **Council of the European Union** |
| Session: | |
| Configuration: | |
| Item: | **2025/0429 (COD)** (Document: **11261/26+ADD1**) |
| Voting Rule: | **qualified majority** |
| Subject: | Position of the Council at first reading with a view to the adoption of a REGULATION OF THE EUROPEAN PARLIAMENT AND OF THE COUNCIL on a temporary derogation from certain provisions of Directive 2002/58/EC as regards the use of technologies by providers of number-independent interpersonal communications services for the processing of personal and other data for the purpose of combating online child sexual abuse |

| Vote | Members | | Population (%) |
|---|---|---|---|
| Yes | 27 | | 100% |
| No | 0 | | 0% |
| Abstain | 0 | | 0% |
| Not participating | 0 | | |
| Total | 27 | | |

Sitting date: **02/07/2026**

Final result

| Member State | Population (%)** | Vote |
|---|---|---|
| **BELGIQUE/BELGIË** | 2,63 | Yes |
| **БЪЛГАРИЯ** | 1,42 | Yes |
| **ČESKO** | 2,42 | Yes |
| **DANMARK** | 1,32 | Yes |
| **DEUTSCHLAND** | 18,47 | Yes |
| **EESTI** | 0,30 | Yes |
| **ÉIRE/IRELAND** | 1,20 | Yes |
| **ΕΛΛΑΔΑ** | 2,30 | Yes |
| **ESPAÑA** | 10,86 | Yes |
| **FRANCE** | 15,18 | Yes |
| **HRVATSKA** | 0,86 | Yes |
| **ITALIA** | 13,19 | Yes |
| **ΚΥΠΡΟΣ** | 0,22 | Yes |
| **LATVIJA** | 0,41 | Yes |
| **LIETUVA** | 0,64 | Yes |
| **LUXEMBOURG** | 0,15 | Yes |
| **MAGYARORSZÁG** | 2,11 | Yes |
| **MALTA** | 0,13 | Yes |
| **NEDERLAND** | 4,02 | Yes |
| **ÖSTERREICH** | 2,03 | Yes |
| **POLSKA** | 8,29 | Yes |
| **PORTUGAL** | 2,38 | Yes |
| **ROMÂNIA** | 4,21 | Yes |
| **SLOVENIJA** | 0,47 | Yes |
| **SLOVENSKO** | 1,21 | Yes |
| **SUOMI/FINLAND** | 1,24 | Yes |
| **SVERIGE** | 2,34 | Yes |

** When acting on a proposal from the Commission or the High Representative, qualified majority is reached if at least 55 % of members vote in favour (15 MS) accounting for at least 65% of the population*

*** Indicative percentage of the population of the Union (%) .The qualified majority is calculated in accordance with the population figures adapted each year.*

*For information: http://www.consilium.europa.eu/public-vote*

**IARSCRÍBHINN 2**

**Ráiteas ón Iodáil**

Athdhearbhaíonn an Iodáil go láidir go bhfuil sí lántiomanta dul i ngleic le feiniméan fíorthromchúiseach na mí-úsáide gnéasaí ar líne agus an teacht i dtír ar leanaí. Tar éis cuireadh a fháil ó Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Roberta Metsola, teacht ar chomhaontú ar an dara léamh maidir leis an Rialachán eatramhach, mar a thugtar air, tá sé beartaithe ag an Iodáil freagairt de mheon cuiditheach, pragmatach agus comhoibritheach.

Dá bhrí sin, chun leanúnachas riachtanach na gníomhaíochta forfheidhmiúcháin a áirithiú agus mar fhreagairt ar an nglao ó Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, cuireann an Iodáil in iúl go bhfuil sí i bhfabhar creat rialála a ghlacadh lena ndéantar forálacha Rialachán (AE) 2021/1232 a mhacasamhlú, ar feadh tréimhse a bhfuil súil aici go bhféadfaí córas buan a ghlacadh agus a theacht i bhfeidhm lena linn.

Mar sin féin, in ainneoin an tseasaimh oscailte atá aici, measann an Iodáil go bhfuil sé ríthábhachtach na hábhair imní agus na forchoimeádais thromchúiseacha a cuireadh in iúl cheana sa ráiteas náisiúnta atá i gceangal le miontuairiscí an chruinnithe a bhí ag Coreper an 28 Eanáir 2026 a mheabhrú.

Baineann na forchoimeádais sin le gnéithe substainteacha sonracha agus ríthábhachtacha, ar gá dianmhachnamh a dhéanamh orthu san obair bhreise ar an Rialachán fadtéarmach maidir le hábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí:

- **Cumhachtaí scanta a chuirtear de chúram ar eintitis phríobháideacha:** Athdhearbhaíonn an Iodáil go bhfuil sí go mór i gcoinne creat rialála a ghlacadh lena n-údarófaí, sa chleachtas, do sholáthraithe seirbhíse – eintitis phríobháideacha, nach eintitis Eorpacha iad den chuid is mó – gníomhaíochtaí scanta agus braite ollmhóra a dhéanamh;

- **Critéir chomhréireachta:** chun a chinntiú nach mbeidh monatóireacht ghinearálaithe mar thoradh ar ghníomhaíochtaí braite ag soláthraithe seirbhíse, ba cheart go mbeadh na gníomhaíochtaí sin faoi réir phrionsabal na comhréireachta déine. Thairis sin, chun an chothromaíocht íogair idir riachtanais dhlisteanacha na n-údarás forfheidhmithe dlí agus urraim do chearta bunúsacha a chosaint, ba cheart na gníomhaíochtaí sin a theorannú go heisiach d’ábhar aitheanta maidir le mí-úsáide gnéasaí leanaí;

- **Formhaoirseacht bhreithiúnach agus institiúideach:** Athdhearbhaíonn an Iodáil gur gá coimircí institiúideacha leordhóthanacha agus sásraí rialaithe éifeachtacha a sholáthar maidir le gníomhaíochtaí braite arna ndéanamh ag tríú páirtithe neamhspleácha (údaráis bhreithiúnacha nó riaracháin). Tá na coimircí sin bunriachtanach chun cearta úsáideoirí a chosaint;

- **Criptiú ó cheann go ceann:** Tá an Iodáil suite de i gcónaí go bhfuil géarghá le hábhar atá faoi chosaint ag criptiú ó cheann go ceann a eisiamh go sainráite ó raon feidhme an Rialacháin a bheidh ann amach anseo, agus ó na gníomhaíochtaí braite uile, chun an chibearshlándáil agus rúndacht na cumarsáide a chosaint.

Ar deireadh, athdhearbhaíonn an Iodáil nach mór macasamhlú sealadach an chórais eatramhaigh a mheas mar bheart eisceachtúil. Leis an vóta fabhrach seo, ní dhéantar réamhbhreith ar sheasamh na hIodáile maidir leis na saincheisteanna thuasluaite sa chaibidlíocht maidir leis an gcóras fadtéarmach, a leanfaidh de bheith á dtreorú ag an ngá atá le lánurraim do chearta bunúsacha agus do chosaint sonraí pearsanta a áirithiú.